**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 7 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**2025/0251(COD)** | **PE-CONS 55/25**

**ECOFIN 1537**
**UEM 547**
**RELEX 1518**
**MED 95**
**CODEC 1849**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine |

**CINNEADH (AE) 2025/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá forbairt á déanamh i rith an ama i dtaca leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine ('an Iordáin') faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE). An 24 Samhain 1997, shínigh an tAontas agus an Iordáin an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú Comhlachais'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2002. Faoin gComhaontú Comhlachais, bhunaigh an tAontas agus an Iordáin Limistéar Saorthrádála de réir a chéile le linn idirthréimhse 12 bhliain. Ina theannta sin, tháinig Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir le bearta léirscaoilte cómhalartacha agus lena leasaítear Comhaontú Comhlachais CE–an Iordáin mar aon le hIarscríbhinní I, II, III agus IV agus Prótacail 1 agus 2 a ghabhann leis an gComhaontú[3] sin i bhfeidhm in 2007. In 2010, thángthas ar chomhaontú idir an tAontas agus an Iordáin maidir le comhpháirtíocht Ardstádais, comhpháirtíocht arb é atá i gceist leis réimsí comhair a leathnú. I mí na Nollag 2009, cuireadh inisealacha le prótacal idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine lena mbunaítear sásra um réiteach díospóidí faoi fhorálacha trádála an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine den pháirt eile[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. Rinneadh an t-idirphlé polaitiúil déthaobhach agus an comhar eacnamaíoch a fhorbairt a thuilleadh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais, faoi chuimsiú Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine arna nglacadh le haghaidh 2022-2027 agus faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Straitéisí Cuimsithí, a síníodh i mí Eanáir 2025.

---

[2] IO L 129, 15.5.2002, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2002/357(1)/oj.
[3] IO L 41, 13.2.2006, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2006/67/oj.
[4] IO L 177, 6.7.2011, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2011/398/oj.

(2) Ó 2011 i leith, thug an Iordáin faoi líon áirithe athchóirithe polaitiúla chun an daonlathas parlaiminteach agus an smacht reachta a neartú. Bunaíodh Cúirt Bhunreachtúil agus Coimisiún Toghcháin Neamhspleách agus rith Parlaimint na hIordáine líon áirithe dlíthe tábhachtacha, lena n- áirítear an tAcht Toghcháin agus an tAcht um Páirtithe Polaitiúla chomh maith le dlíthe maidir le dílárú agus bardasachtaí. Ina theannta sin, glacadh feabhsuithe reachtacha a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna agus cearta na mban.

(3) Tá geilleagar na hIordáine buailte go mór ag éagobhsaíocht réigiúnach fhada, go háirithe an choinbhleacht sa tSiria agus an choinbhleacht in Iosrael-Gaza, mar aon le suaitheadh slándála i limistéar na Mara Rua. Chuir an neamhchobhsaíocht sin tuilleadh éiginnteachta leis, rud a bhaineann an bonn de mhuinín infheisteoirí, a chuireann isteach ar bhealaí trádála, agus a lagaíonn an turasóireacht. Tá na dúshláin sin sa bhreis ar thionchair eacnamaíocha agus shóisialta atá fós ann mar thoradh phaindéim COVID-19, suaití praghsanna domhanda tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus costais iasachtaíochta níos airde a bhaineann le dálaí airgeadais domhanda níos déine. Le déanaí, is dúshlán breise don Iordáin é neamhchinnteacht mhéadaithe an chomhshaoil dhomhanda eacnamaíche agus trádála. Cé gur sheachain an Iordáin crapadh eacnamaíoch athnuaite, a bhuí, i bpáirt, le saothrú beartas agus athchóirithe maicreacnamaíocha fónta, tá an téarnamh fós lag. Tá an dífhostaíocht fós ard i gcónaí, go háirithe i measc na hóige agus na mban, agus tá brú airgeadais fioscach agus seachtrach fós ag cur isteach ar gheilleagar na hIordáine.

(4) Mar thoradh ar an gcoinbhleacht in Iosrael-Gaza, mar aon leis an bhforéigean athnuaite sa réigiún, go háirithe an teannas atá ag dul in olcas idir Iosrael agus an Iaráin i lár mhí an Mheithimh 2025, cuireadh eitiltí ar fionraí san Iordáin agus is dócha go ndéanfaidh sé téarnamh leochaileach eacnamaíoch na tíre níos casta, go maolóidh sé muinín infheisteoirí agus turasóirí, agus go gcuirfidh sé le dearcadh atá ag éirí níos éiginnte. Tá an teannas sóisialta san Iordáin fós íseal ach d’fhéadfadh méadú teacht air dá dtiocfadh géarú breise ar na coinbhleachtaí leanúnacha. Thairis sin, mar thoradh ar an athrú aeráide d’fhéadfadh an baol a bheith ann go gcuirfí leis an nganntanas uisce uafásach atá ag an Iordáin cheana féin, go ndéanfaí dochar don fhás agus go gcuirfí tuilleadh brú ar airgeadas rialtais.

(5) I mí Eanáir 2024, tháinig údaráis na hIordáine agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ar chomhaontú maidir le clár coigeartaithe eacnamaíoch a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid Fhadaithe Chistiúcháin (EFF) 4 bliana dar luach USD 1,2 billiún, atá á chur chun feidhme faoi láthair. Ó mhí Iúil 2025 ar aghaidh, bhí feidhmíocht na hIordáine faoi EFF láidir, agus comhlíonadh na critéir feidhmíochta cainníochtúla agus na tagarmharcanna struchtúracha uile ar fud na chéad trí athbhreithniú ar chláir (Iúil agus Nollaig 2024, agus Aibreán 2025), rud a spreag eisíocaíochtaí dar luach USD 391 mhilliún san iomlán as an USD 1,2 billiún formheasta.

(6) I mí Aibreáin 2025, ghlac an tAontas an ceathrú clár cúnaimh macrairgeadais (MFA-IV)[5] dar luach EUR 500 milliún i bhfoirm iasachtaí, mar fhreagairt ar iarraidh ón Iordáin i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá na heisíocaíochtaí beartaithe le linn na tréimhse 2025 go 2027, nuair a chomhlíonfar coinníollacha beartais comhaontaithe sa mheabhrán tuisceana (MT), lena gcumhdaítear bearta maidir le bainistiú airgeadais phoiblí, bearta rialachais agus bearta in aghaidh an éillithe, bearta maidir le beartais shóisialta agus le beartais mhargadh an tsaothair, bearta maidir le fuinneamh agus le timpeallacht ghnó. Leanann MFA-IV ó shraith de thrí chlár MFA (MFA-I: EUR 180 milliún; CAI-II: EUR 200 milliún; CAI III: EUR 500 milliún agus EUR 200 milliún sa bhreisiú mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19) lenar cuireadh EUR 1,08 billiún san iomlán in iasachtaí ar fáil leo idir 2014 agus 2023.

(7) Ó bhí tús ghéarchéim na Siria ann in 2011, tá thart ar EUR 3,5 billiún curtha ar fáil don Iordáin ag an Aontas faoi ionstraimí éagsúla (lena n- áirítear EUR 1,08 billiún faoi na trí chlár cúnaimh macrairgeadais) chun cuidiú leis an Iordáin an chobhsaíocht eacnamaíoch a chaomhnú, an t- athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch a chothabháil agus aghaidh a thabhairt ar a riachtanais dhaonnúla, forbartha agus slándála. Ina theannta sin, tá thart ar EUR 2,4 billiún leithdháilte mar iasachtaí tionscadail ar an Iordáin ó bhí 2011 ann.

---

[5] Cinneadh (AE) 2025/793 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena soláthraítear Cúnamh Macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine (IO L, 2025/793, 22.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/793/oj).

(8) I gcás na tréimhse ó 2021 go 2024, is é thart ar EUR 360 milliún leithdháileadh táscach déthaobhach an Aontais (deontais) ar an Iordáin faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (ICFCI – an Eoraip Dhomhanda), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus comhlánaítear é le tacaíocht ón Aontas chun cabhrú leis an Iordáin aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime sa tSiria (EUR 214 mhilliún ó 2021 go 2023), sa bhreis ar chúnamh ó chláir réigiúnacha agus théamacha eile. Le linn na tréimhse idir 2014 agus 2020, sholáthar an tAontas tacaíocht EUR 765 mhilliún don Iordáin tríd an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta, den chuid is mó. Le linn na tréimhse céanna, bhain an Iordáin tairbhe freisin as EUR 126 mhilliún breise a cuireadh ar fáil trí Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta, lenar giaráladh thart ar EUR 580 milliún in infheistíochtaí. In 2021, faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, sheol an tAontas níos mó ná 20 tionscadal suaitheanta san Iordáin, lenar gealladh thart ar EUR 461 mhilliún (trí dheontais, trí oibríochtaí measctha agus trí ráthaíochtaí) agus lena ndearnadh thart ar EUR 4,760 billiún d’infheistíocht iomlán a ghiaráil.

(9) I mí Eanáir 2025, i bhfianaise na staide eacnamaíche agus an ionchais eacnamaíoch atá fós deacair, d’iarr an Iordáin Cúnamh Macrairgeadais breise ar an Aontas.

(10) Ós rud é gur tír í an Iordáin a chumhdaítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, meastar go bhfuil sí incháilithe chun cúnamh macrairgeadais a fháil ón Aontas.

---

6 Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

(11) Is é ba cheart a bheith i gCúnamh Macrairgeadais an Aontais ionstraim airgeadais eisceachtúil lena dtugtar tacaíocht neamhcheangailte agus neamhshannta ar mhaithe le comhardú na n- íocaíochtaí, agus é d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhaoiniúcháin sheachtraigh na hIordáine, agus ba cheart í a úsáid mar bhonn le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí i bhfeidhm bearta láidre práinneacha maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, bearta a bheadh ceaptha chun staid na hIordáine i dtaca le comhardú na n- íocaíochtaí a fheabhsú sa ghearrthéarma.

(12) Ós rud é go bhfuil bearna iarmharach mhaoinithe sheachtraigh fós ann maidir le comhardú íocaíochtaí na hIordáine, ar mó é ná na hacmhainní atá á soláthar ag CAI agus ag institiúidí iltaobhacha eile, meastar, sna himthosca eisceachtúla reatha, gur freagairt iomchuí ar iarraidh na hIordáine ar an Aontas tacaíocht a thabhairt do chobhsú eacnamaíoch na hIordáine, cúnamh macrairgeadais a bheith á sholáthar ag an Aontas, i gcomhar le clár CAI. Le cúnamh macrairgeadais an Aontais, thacófaí le cobhsú eacnamaíoch san Iordáin agus le clár um athchóiriú struchtúrach na hIordáine, agus na hacmhainní a cuireadh ar fáil faoi shocrú airgeadais CAI á bhforlíonadh.

(13) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag cúnamh macrairgeadais an Aontais staid inbhuanaithe maidir le maoiniú seachtrach a athbhunú san Iordáin, rud a thacódh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre.

(14) Meastar go mbeidh an cúnamh macrairgeadais ón Aontas ag teacht le cur chun feidhme oibríochtaí tacaíochta buiséid faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

(15) Ba cheart méid an chúnaimh macrairgeadais an Aontais a chinneadh ar bhonn measúnú cainníochtúil iomlán ar na riachtanais maoinithe sheachtraigh atá fós ag an Iordáin, agus ba cheart a chur san áireamh, agus an méid sin á chinneadh, inniúlacht na hIordáine a hacmhainní dílse, go háirithe na cúlchistí idirnáisiúnta atá ar fáil di, a úsáid chun í féin a mhaoiniú. Ba cheart cúnamh macrairgeadais an Aontais a bheith ina chomhlánú ar na cláir agus na hacmhainní atá á soláthar ag CAI agus ag an mBanc Domhanda. Agus méid an chúnaimh á chinneadh, ba cheart a chur san áireamh freisin, na ranníocaíochtaí airgeadais a bhfuiltear ag súil leo ó dheontóirí déthaobhacha agus iltaobhacha agus an gá atá leis an ualach a roinnt go cothrom idir an tAontas agus deontóirí eile, maille leis an úsáid atá á baint cheana as ionstraimí maoinithe sheachtraigh eile an Aontais san Iordáin agus an breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais ina hiomláine san Iordáin.

(16) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil cúnamh macrairgeadais an Aontais i gcomhréir, ó thaobh dlí agus substainte de, agus le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí, leis na bearta a glacadh i leith na réimsí sin, agus le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais.

(17) Le cúnamh macrairgeadais an Aontais, ba cheart tacú le beartas seachtrach an Aontais i dtaca leis an Iordáin. Ba cheart don Choimisiúin agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) obair i ndlúthchomhar le chéile agus an tacaíocht mhacrairgeadais á cur i bhfeidhm chun beartas seachtrach an Aontais a chomhordú agus chun comhsheasmhacht an bheartais sin a áirithiú.

(18) Le cúnamh macrairgeadais an Aontais, ba cheart tacú leis an ngealltanas atá tugtha ag an Iordáin luachanna atá i gcoiteann aici leis an Aontas a urramú, amhail an daonlathas, an smacht reachta, an dea-rialachas, urramú chearta an duine, an fhorbairt inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta, agus leis an ngealltanas atá tugtha aici maidir le prionsabail na trádála oscailte cothroime atá bunaithe ar rialacha a urramú.

(19) Ba cheart a leagan síos mar réamhchoinníoll i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a thabhairt nach mór don Iordáin sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, chomh agus an smacht reachta á urramú, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine. Ina theannta sin, leis na cuspóirí sonracha atá le cúnamh macrairgeadais an Aontais, ba cheart éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Iordáin a neartú agus athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach, cruthú post agus comhdhlúthú fioscach. Ba cheart don Choimisiún agus SEGS faireachán rialta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na réamhchoinníollacha sin a chomhlíonadh agus na cuspóirí sonracha sin a bhaint amach.

(20) Chun a áirithiú go gcosnaítear ar bhealach éifeachtúil leasanna airgeadais an Aontais atá nasctha le cúnamh macrairgeadais an Aontais, ba cheart don Iordáin na bearta iomchuí a dhéanamh a bhaineann le calaois, éilliú agus neamhrialtachtaí eile i dtaca leis an gcúnamh sin a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, ba cheart forálacha a bheith i gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hIordáine lena n-údaraítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[8] ón gComhairle, don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a hinniúlachtaí a fheidhmiú maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais a sholáthar le linn tréimhse infhaighteachta an chúnaimh sin agus ina dhiaidh sin.

(21) Ní dochar scaoileadh chúnaimh macrairgeadais an Aontais do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina gcáil mar údarás buiséadach.

(22) Ba cheart méideanna an tsoláthair a theastaíonn maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais a bheith comhsheasmhach leis na leithreasuithe buiséadacha dá bhforáiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

---

7 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

8 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

(23) Is é an Coimisiún ar cheart dó cúnamh macrairgeadais an Aontais a bhainistiú. Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Chinnidh seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go rialta faoi aon fhorbairt a bhaineann leis an gcúnamh agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

(24) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(25) Ba cheart cúnamh macrairgeadais an Aontais a bheith faoi réir coinníollacha beartais eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais, atá le leagan amach in MT. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i dtaca leis an gcur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún coinníollacha den sórt sin a chaibidliú le húdaráis na hIordáine faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a d'fhéadfadh a bheith ag cúnamh macrairgeadais an Aontais, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a úsáid. I bhfianaise mhéid chúnamh macrairgeadais an Aontais don Iordáin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh MT, agus maidir le haon chás ina ndéanfaí an cúnamh sin a laghdú, a chur ar fionraí nó a chur ar ceal.

---

[9] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(26) Ós rud e nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an chinnidh seo, eadhon aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin sheachtraigh na hIordáine, a ghnóthú go leordhóthanach agus, gur fearr is féidir iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Cuirfidh an tAontas cúnamh macrairgeadais dar luach EUR 500 milliún ar a mhéid ar fáil don Iordáin (cúnamh macrairgeadais an Aontais), d’fhonn tacú le cobhsú eacnamaíoch na hIordáine agus le clár substainteach don athchóiriú. Beidh an cúnamh macrairgeadais an Aontais ina chuidiú chun riachtanais na hIordáine maidir le comhardú na n-íocaíochtaí, mar a aithníodh iad i gclár CAI, a chumhdach.

2. Is i bhfoirm iasachtaí a sholáthrófar méid iomlán chúnamh macrairgeadais an Aontais don Iordáin.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, an t- airgead is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais agus an t- airgead sin a thabhairt ar iasacht don Iordáin.

4. Bainisteoidh an Coimisiún eisíoc chúnamh macrairgeadais an Aontais ar bhealach atá comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí arna dtabhairt i gcrích idir CAI agus an Iordáin, agus le príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí na n- athchóirithe eacnamaíocha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go rialta faoi aon fhorbairt maidir le cúnamh macrairgeadais an Aontais, lena n-áirítear eisíocaíochtaí an chúnaimh sin, agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstitiúidí sin in am trátha.

6. Cuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil ar feadh tréimhse dhá bhliain go leith, tréimhse a thosóidh an chéad lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an mheabhráin tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

7. Más rud é, le linn na tréimhse ina mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais á eisíoc, go dtagann laghdú suntasach ar riachtanais mhaoinithe na hIordáine i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin tosaigh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun méid an chúnaimh a laghdú nó chun an cúnamh a chur ar fionraí nó a chur ar ceal. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

*Airteagal 2*

1. Beidh sé ina réamhchoinníoll i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a dheonú don Iordáin, nach mór di sásraí éifeachtacha daonlathacha a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí, agus an smacht reachta a urramú, agus a ráthú go n-urramófar cearta an duine.

2. Déanfaidh Coimisiúin agus SEGS faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach i mír 1 le linn shaolré chúnaimh macrairgeadais an Aontais.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle[10].

---

[10] Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj).

*Airteagal 3*

1. I gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), comhaontóidh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na hIordáine coinníollacha airgeadais agus coinníollacha beartais eacnamaíoch, lena ndíreofar ar athchóirithe struchtúracha agus airgeadas poiblí fónta, a mbeidh cúnamh macrairgeadais an Aontais faoina réir. Leagfar amach na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus coinníollacha airgeadais sin i Meabhrán Tuisceana (an Meabhrán Tuisceana) ina mbeidh creat ama chun iad a chomhlíonadh. Beidh na coinníollacha airgeadais agus na coinníollacha beartais eacnamaíoch sin comhsheasmhach leis na comhaontuithe nó na comhthuiscintí dá dtagraítear in Airteagal 1(4), lena n-áirítear an coigeartú maicreacnamaíoch agus na cláir um athchóiriú struchtúrach arna gcur chun feidhme ag an Iordáin le tacaíocht ó CAI.

2. Leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féachfar, go háirithe, le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí san Iordáin a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a úsáid. Nuair a bheidh bearta beartais á gceapadh, tabharfar aird chuí freisin ar an dul chun cinn maidir le hoscailt fhrithpháirteach an mhargaidh, ar fhorbairt trádála riailbhunaithe agus cothroime, agus ar thosaíochtaí eile i gcomhthéacs bheartas seachtrach an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

3. I gcomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hIordáine, leagfar síos na téarmaí mionsonraithe airgeadais a ghabhann le cúnamh macrairgeadais an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 223 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] ('an comhaontú iasachta').

4. Fíoróidh an Coimisiún go tráthrialta go bhfuiltear ag leanúint de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil beartais eacnamaíocha na hIordáine i gcomhréir leis na cuspóirí atá le cúnamh macrairgeadais an Aontais. Á dhéanamh sin dó, beidh an Coimisiún ag comhordú go dlúth le CAI agus leis an mBanc Domhanda agus, i gcás inar gá, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

*Airteagal 4*

1. Faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, cuirfidh an Coimisiún cúnamh macrairgeadais an Aontais ar fáil ina dtrí thráthchuid. Leagfar síos méid gach tráthchoda in MT dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

2. Déanfar foráil maidir leis na méideanna de chúnamh macrairgeadais an Aontais, i gcás inar gá, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/947.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le scaoileadh na dtráthchodanna faoi réir gach ceann de na coinníollacha uile seo a leanas a bheith comhlíonta:

   (a) an réamhchoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(1);

---

[11] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(b) teist leanúnach shásúil leanúnach maidir le clár beartais a chur chun feidhme faoina gcuirfí i bhfeidhm bearta láidre maidir le coigeartú agus leis an athchóiriú struchtúrach, clár beartais a fhaigheann tacaíocht ó shocrú creidmheasa CAI nach socrú réamhchúraim é; agus

(c) na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus airgeadais a socrófar orthu in MT a chur chun feidhme go sásúil.

Ní dhéanfar an dara tráthchuid a scaoileadh, i bprionsabal, tráth is luaithe ná 3 mhí tar éis an chéad tráthchuid a scaoileadh. Ní dhéanfar an dara tráthchuid a scaoileadh, i bprionsabal, tráth is luaithe ná 3 mhí tar éis an dara tráthchuid a scaoileadh.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, an chéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún eisíoc chúnamh macrairgeadais an Aontais a chur ar fionraí go sealadach nó a chur ar ceal. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na cúiseanna a bhí aige le fionraí nó cealú den sórt sin.

5. Is le Banc Ceannais na hIordáine a eisíocfar cúnamh macrairgeadais an Aontais. Faoi réir na bhforálacha comhaontaithe a leagtar amach in MT, lena n-áirítear deimhniú na riachtanas maoinithe bhuiséadaigh atá fós ann, féadfaidh Banc Ceannais na hIordáine cistí an Aontais a aistriú chuig Aireacht Airgeadais na hIordáine ina cháil mar an tairbhí deireanach.

*Airteagal 5*

1. Chun cúnamh macrairgeadais an Aontais i bhfoirm iasachtaí a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Déanfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta leis an Iordáin maidir leis an méid dá dtagraítear in Airteagal 1. Leagfar síos sa chomhaontú iasachta an tréimhse infhaighteachta agus téarmaí mionsonraithe chúnamh macrairgeadais an Aontais, lena n-áirítear i ndáil leis na córais rialaithe inmheánaigh. Deonófar na hiasachtaí ar théarmaí a chuirfidh ar a cumas don Iordáin na hiasachtaí a aisíoc thar thréimhse fhada, lena n-áirítear tréimhse chairde fhéideartha. 35 bliana a bheidh i ré uasta na n-iasachtaí.

3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi fhorbairtí i dtaca leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

*Airteagal 6*

1. Cuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Is faoi bhainistiú díreach a dhéanfar cúnamh macrairgeadais an Aontais a chur chun feidhme.

3. Sula gcuirfear cúnamh macrairgeadais an Aontais chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún measúnú, trí bhíthin measúnú oibríochtúil, ar a fhónta atá socruithe airgeadais na hIordáine, nósanna imeachta riaracháin, agus sásraí rialaithe inmheánaigh agus sheachtraigh is ábhartha maidir leis an gcúnamh.

*Airteagal 7*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 8*

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo sa bhliain roimhe sin, lena n- áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil, déanfar an méid seo a leanas:

(a) scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cúnamh macrairgeadais an Aontais a chur chun feidhme;

(b) measúnú ar staid eacnamaíoch agus ionchais na hIordáine, mar aon leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an mbeartas eacnamaíoch agus na coinníollacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur chun feidhme; agus

(c) an chomhbhaint a shonrú idir na coinníollacha beartais eacnamaíoch agus na coinníollacha airgeadais a leagtar amach in MT, feidhmíocht leanúnach eacnamaíoch agus fhioscach na hIordáine, agus cinntí an Choimisiúin maidir le tráthchodanna chúnamh macrairgeadais an Aontais a scaoileadh.

2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dhul in éag na tréimhse infhaighteachta dá dtagraítear in Airteagal 1(6), cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus éifeachtúlacht chúnaimh macrairgeadais an Aontais agus ar a mhéid a rannchuidigh sé i dtaca leis na cuspóirí a bhí leis an gcúnamh sin a bhaint amach.

*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*